

Na Pictiúir don Scrúdú i Labhairt na Gaeilge O.C.G.

Pictiúr a 1 Baile Beag

Feicim sráid i mbaile beag. Tá siopaí éagsúla ar an tsráid, mar shampla, siopa poitigéara, ollmhargadh, bialann, siopa éadaigh, teach tabhairne agus leabharlann phoiblí. ‘An Gob Fliuch’ is ainm don teach tabhairne. ‘Sin Stíl’ is ainm don siopa éadaigh agus ‘Greim le hÍthe’ is ainm don bhialann. Tá dath bándearg ar an siopa éadaigh agus dath buí atá ar an leabharlann.

Tá Garda ina sheasamh i lár an bhóthair agus a lámh chlé in airde aige. Tá an carr gorm á stopadh aige. B’fhéidir go bhfuil sé ag seiceáil an bhfuil cáin agus árachas ar an gcarr.

Tá fear ag teacht amach as an teach tabhairne agus tá cuma air go bhfuil sé beagáinín súgach. Gar go leor don fhear seo, tá cáilín ag siúl ar an gcosán agus madra ar iall aici. Is cosúil go bhfuil an bhean ar an gcosán chun dul isteach san ollmhargadh.

Feicim fear in airde ar dhréimire le buicéad agus éadach agus é ag glanadh fuinneoige. Tá an fear óg thíos ar an talamh ag siúl timpeall an dréimire-b’fhéidir go bhfuil sé piseogach.

Tá sé fiche chun a ceathair ar chlog an tséipéil. Ar spuaic an tséipéil, tá éan ina sheasamh agus os cionn an tséipéil, tá eitleán. Feicim dhá ghluaisteán i gclós an tséipéil. Sa chúlra, feicim sléibhte agus an fharraige. Lá breá is ea é. Tá cúpla scamall sa spéir.

1. Cén radharc atá sa phictiúr seo? Feicim sráid i mbaile beag.
2. Cén sórt siopaí a fheiceann tú ar an tsráid? Feicim siopaí éagsúla, mar shampla, siopa poitigéara, ollmhargadh, agus siopa éadaigh.
3. Céard is ainm don bhialann? ‘Greim le hÍthe’ is ainm don bhialann.
4. Cén dath atá ar an siopa éadaigh? Tá dath bándearg ar an siopa éadaigh.
5. Ar mhaith leat dul chuig an siopa ansin? Céard a cheannófá? Ba mhaith liom dul chuig an siopa sin chun gúna nua a cheannach.
6. Céard atá ar siúl ag an nGarda sin i lár an bhóthair? Tá an Garda ag stopadh cairr gorm.
7. Céard a cheapann tú faoin bhfear sin ag teacht amach as an teach tabhairne? Ceapaim go bhfuil sé beagáinín súgach nó ar meisce.
8. Cá bhfuil an fear sin ag dul anois, an dóigh leat? Is dóigh liom go bhfuil sé ag dul abhaile.
9. Cá bhfuil an bhean leis an mála ag dul, meas tú? Measaim go bhfuil sí ag dul go dtí an t-ollmhargadh.
10. Conas ata sí gléasta? Tá cóta buí, sciorta donn agus bróga donna uirthi.
11. Céard a cheannóidh sí san ollmhargadh, an dóigh leat? Is dóigh liom go gceannóidh sí arán, bainne agus tae.
12. Cén fáth go bhfuil an fear óg ag siúl timpeall an dréimire? B’fhéidir go bhfuil sé piseogach.

13. Céard atá ar siúl ag an bhfear ar an dréimire? Tá an fear ar an dréimire ag glanadh fuinneoige.
14. An baile glan é? Cén fáth a ndeir tú é sin? Ceapaim gur baile glan é mar ní fheicim aon bhruscair ar an tsraid.
15. Cén t-am é ar chlog an tséipéil? Tá sé fiche chun a ceathair ar chlog an tséipéil.
16. Cá bhfuil an t-éan ina sheasamh? Tá an t-éan ina sheasamh ar spuaic an tséipéil.
17. Cá bhfuil an t-eitleán? Tá an t-eitleán os cionn an tséipéil.
18. Cé mhéad gluastean atá i gclós an tséipéil? Tá dhá ghluaisteán i gclós an tséipéil.
19. Céard atá sa chúlra? Tá sléibhte agus an fharraige sa chulra.
20. Cén sórt lá é? Lá breá gréine is ea é. Tá cúpla scamall sa spéir.

Pictiúr a 2 Ar Maidin

Sa phictiúr seo feicim bean sa chistin. Tá sí ag ullmhú a lóin. Tá sí ag déanamh ceapaire. Ar an gcuntar tá cúpla slisne d'arán donn. Chomh maith leis sin feicim cáis, trátaí, scailliúin, agus bosca lóin atá ar oscailt. Cáis bhán atá aici agus tá dath gorm ar leac an bhosca lóin. I lámh dheas na mná, tá scian agus ina lámh chlé, tá bosca ime.

Tá geansaí á chaitheamh aici agus tá gruaig ghearr dhonn uirthi.

Is cosúil gurb í an mhaidin atá ann agus déarfainn go bhfuil a raidió ar siúl agus go bhfuil sí ag éisteacht leis.

Taobh thiar den bhean feicim cófraí na cistine. Dath buí atá ar Bhalla na cistine. Tá an dallóg ar an bhfuinneog leathoscailte. Lasmuigh den fhuinneog, feicim an ghrian ag éirí sa spéir ghorm. Is cosúil gur lá deas é.

Déarfainn gur múinteoir í, ach ní féidir liom a bheith cinnte.

1. Cén radharc atá sa phictiúr? Feicim bean sa chistin.
2. Cén seomra ina bhfuil an bhean? Tá an bhean sa chistin.
3. Céard atá ar siúl aici? Tá sí ag ullmhú a lóin.
4. Cén sórt aráin atá in úsáid aici? Tá arán donn in úsáid aici.
5. Cén sórt bia a chuirfidh sí sa cheapaire? Cuirfidh sí cáis, trátaí, im agus scailliúin sa cheapaire.
6. Céard atá ina lámh aici? Tá scian ina lámh aici.
7. Céard a dhéanfaidh an bhean leis an cheapaire nuair a bheidh sé déanta aici? Cuirfidh sí an cheapaire sa bhosca lóin.
8. Cathain a íosfaidh sí an cheapaire? Íosfaidh sí an cheapaire ag am lóin.
9. Inis dom faoina cuid gruaige. Tá gruaig ghearr dhonn uirthi.
10. Cén t-am den lá atá ann, meas tú? Measaim gurb é an mhaidin atá ann mar tá an ghrian ag éirí sa spéir.

11. Meas tú, an bhfuil an raidió ar siúl? Measaim go bhfuil an raidió sin ar siúl.
 12. Cén sórt cláir atá ar siúl, an dóigh leat? Is dóigh liom go bhfuil an Nuacht ar siúl ar an raidió.
 13. Céard atá taobh thiar di? Tá cófraí na cistine taobh thiar den bhean.
 14. Cén dath atá ar bhalla na cistine? Dath buí atá ar bhalla na cistine.
 15. An bhfuil an dallóg dúnta? Níl an dallóg dúnta, tá sé leathoscailte.
 16. Céard atá le feiceáil lasmuigh den fhuinneog? Tá an ghrian ag éirí agus tá an spéir ghorm lasmuigh den fhuinneog.
 17. Meas tú, an bhfuil an ghrian sin ag éirí nó ag dul faoi? Tá an ghrian ag éirí.
- Cén saghas lá é? Is cosúil gur lá deas é.
18. Cén post atá ag an mbean, an dóigh leat? Déarfainn gur muinteoir í, ach ní féidir liom a bheith cinnte.

Pictiúr a 3 Seomra Ranga

Feicim seomra ranga. Tá an múinteoir ina seasamh ag barr an tseomra. Tá an clár bán idirghníomhach ar siúl. Ar an gclár, feicim teach feirme, tarracóir, capall, bó agus dhá chaora.

Ar bhord an mhúinteora, tá bláthanna -lusanna na gréine, is dóigh liom- agus cruinneog (globe) (an domhan).

Seisear páistí atá sa seomra ranga. I ngrúpa amháin, tá ceathrar páistí. Is ciotóg (left-handed) í cáilín amháin. Tá sí ag scríobh ina cóipleabhar agus a peann ina lámh chlé aici. Tá píosa páipéir á fhilleadh ag cáilín eile, tá buachaill ag léamh as leabhar agus tá léarscáil na hÉireann á tharraingt ag buachaill eile. Ar an mbord, tá rialóir, biorár agus scriosán.

Ina seasamh ag an doirteal, tá buachaill agus cailín. Tá buidéal péinte gorm á dhúnadh ag buachaill amháin. Tá scuab péinte á ní ag an gcailín. Tá an scuab ina lámh dheas aici agus tá uisce ag teacht as an mbuacaire. Níl a geansaí ag éirí fliuch mar tá a cuid muinchillí craptha suas aici.

Tá sé a ceathrú tar éis a dó ar an gclog ar an mballa. Tá píosaí ealaíne ar crochadh ar líne. Tá cotaí ar crochadh ar ráile. Sa chúinne, feicim ríomhaire. Ar an gcófra in aice leis, tá cóipleabhair agus bosca lóin. Tá leabhar ar na seilfeanna. Tá seinnteoir dlúthdhioscaí ar bhord amháin. Tá doras an tseomra ranga dúnta. Dath gorm atá ar urlár an tseomra.

1. Cén radharc atá sa phictiúr seo? Feicim seomra ranga.
2. Cá bhfuil an múinteoir? Tá an múinteoir ina seasamh ag barr an tseomra.
3. Céard as a bhfuil sí ag baint úsáide? Tá sí ag baint úsáide as clár bán idirghníomhach.
4. Céard atá le feiceáil ar an gclár bán idirghníomhach? Feicim teach feirme, tarracóir, capall, bó agus dhá chaora ar an gclár bán idirghníomhach.

5. Cé mhéad caora atá sa phictiúr? Tá dhá chaora sa phictiúr.
6. Céard atá ar bhord an mhúinteora? Tá bláthanna agus cruinneog ar bhord an mhúinteora.
7. Cé mhéad páiste atá sa phictiúr? Tá seisear páistí sa phictiúr.
8. Conas go bhfuil a fhios agat gur ciotóg í an cailín seo leis na spéaclaí? Is ciotóg í mar tá a peann ina lámh chlé aici.
9. Céard atá ar siúl ag an gcailín eile ag an mbord? Tá an cailín eile ag filleadh filleadh píosa páipéir.
10. Céard atá a tharraingt ag an mbuachaill leis an ngruaig dhubh? Tá léarscáil na hÉireann a tharraingt ag an mbuachaill leis an ngruaig dhubh.
11. Cá bhfuil an bheirt pháistí eile ina seasamh? Tá an bheirt pháistí eile ina seasamh ag an doirteal.
12. Céard atá ar siúl ag an gcailín ag an doirteal? Tá an cailín ag an doirteal ag ní scuab phéinte.
13. Agus céard faoin mbuachaill ag an doirteal? Tá an buachaill ag an doirteal ag dúnadh buidéal phéinte.
14. Cén t-am é ar an gclog ar an mballa? Tá sé a ceathrú tar éis a dó ar an gclog.
15. An bhfuil aon obair Ealaíne ó na páistí le feiceáil sa seomra ranga? Tá píosaí ealaíne ar crochadh ar líne.
16. Cá bhfuil pictiúir na bpáistí? Tá pictiúir na bpáistí ar crochadh ar líne.
17. Céard atá sa chúinne? Tá ríomhaire sa chúinne.
18. Agus céard faoi na cótaí? Tá na cótaí ar crochadh (hanging) ar ráille.
19. Cá bhfuil na leabhair atá sa seomra ranga? Tá na leabhair ar na seilfeanna.
20. Taispeáin dom an seinnteoir dlúthdhioscaí sa phictiúr? Tá an seinnteoir dlúthdhioscaí ar bhord amháin.

Pictiúr a 4 Spóirt

Tá cluiche cispheile ar siúl i Halla Spóirt. Tá ceathrar sa phictiúr-triúr imreoirí agus réiteoir. Tá imreoir amháin tar éis an liathróid a chaitheamh. Tá sí ag iarraidh ciseán a fháil. Tá sí gléasta in éadaí spóirt dearga. Tá barr dearg agus bríste dearg uirthi-le stríoca bána orthu. Tá gruaig fhada dhubh uirthi agus í ceangailte siar le dhá ribín. Tá bróga reatha bána uirthi. Tá ball amháin eile óna 1, foireann le feiceáil freisin.

Tá imreoir eile ann, gléasta in éadaí spóirt bhána. Tá barr bán agus bríste bán air- le stríoca gorma orthu. Tá sé ag iarraidh an liathróid a stopadh. Is dóigh liom go rachaidh an liathróid isteach sa chiseán.

Déarfainn gur múinteoirí iad na daoine seo agus go bhfuil siad ag imirt cispheile tar éis na scoile.

Tá culaith spóirt ar an réiteoir agus tá feadóg ina bhéal aige.

- 1, Céard atá ar siúl sa phictiúr seo? Tá cluiche cispheile ar siúl sa phictiúr seo.
2. Cá bhfuil na daoine seo go léir? Tá siad sa Halla Spóirt.
3. Cé mhéad duine atá sa phictiúr? Tá ceathrar sa phictiúr.
4. Cé mhéad imreoir atá sa phictiúr? Tá triúr imreoirí sa phictiúr.
5. Conas atá an cáilín gléasta? Tá sí gléasta in éadaí spóirt bhána.
6. An bhfuil sé fíor le rá go bhfuil a cuid éadaigh spóirt dearg ar fad? Tá barr dearg agus bríste dearg uirthi-le stríoca bána orthu.
7. Cén sórt bróg atá uirthi? Tá bróga reatha bána uirthi.
8. Cén sórt gruaige atá uirthi? Tá gruaig fhada dhubh uirthi.
9. An bhfuil a cuid gruaige ina súile? Cén fáth nach bhfuil a cuid gruaige ina súile? Tá a cuid gruaige ceangailte siar le dhá ribín.
10. Céard atá an cáilín leis an ngruaig dhubh tar éis a dhéanamh? Tá sí tar éis an liathróid a chaitheamh.
11. An bhfaighidh sí ciseán, meas tú? Measaim go bhfaighidh sí ciseán.
12. An bhfuil aon duine ag iarraidh í a stopadh ciseán a fháil? Tá imreoir amháin ag iarraidh an liathróid a stopadh.
13. Conas atá an fear sin gléasta? Tá sé gléasta in éadaí spóirt bhána.
14. Conas atá an réiteoir gléasta? Tá culaith spóirt ar an réiteoir.
15. Céard atá ina lámh chlé ag an réiteoir? Tá feadóg ina lámh chlé ag an réiteoir.

Pictiúr a 7 Sneachta

Tá sneachta sa phictiúr. Tá brat sneachta ar an talamh.

I lár an phictiúir, tá fear sneachta. Tá hata dubh ar a cheann aige. Tá dhá phiosa guail mar shúile aige agus tá píosa de chraiceann oráiste aige mar bhéal. Cairéad atá aige mar shrón. Timpeall ar a mhuinéal, tá scaif ghorm. Tá calóga sneachta ar an scaif. Clocha atá aige mar chnaipí. Níl aige ach lámh amháin- géag (a branch).

Ar an talamh, in aice leis an bhfear sneachta, tá ceithre liathróid shneachta. Tá buachaill agus cailín ag súgradh sa sneachta. Tá an buachaill ag caitheamh liathróid shneachta leis an gcailín. Tá miotóga ar an mbuachaill, tá hata olla ar a cheann agus scaif ghorm timpeall ar a mhuinéal. Chomh maith leis sin, tá seaicéad, bríste fada donn agus buataisí á gcaitheamh aige. Níl buataisí ar an gcailín. Tá bróga reatha uirthi, bríste fada glas, barr éadaigh dearg agus seaicéad gear. Níl rud ar bith ar a ceann. Tá na buachaill go deas teolaí ach ní dóigh liom go bhfuil an cailín.

Taobh thiar den chailín, tá crann lom agus sneachta ina luí ar a ghéaga. Sa chúlra, feicim loch a bhfuil leac oighir air. Tá an leac oighir scoilte (split) agus tá poll inti. Tá crainn eile sa chúlra agus sconsa in aice leo. Dath liath atá ar an spéir.

1. Céard a fheiceann tú sa phictiúr? Feicim sneachta sa phictiúr.

2. Céard atá ar an talamh? Tá brat sneachta ar an talamh.
3. Céard atá ar a cheann ag an bhfear sneachta? Tá hata dubh ar a cheann aige.
4. Céard atá aige mar shúile? Tá dhá pháosa guail aige mar shúile.
5. Céard atá aige mar bhéal? Tá páosa de chraiceann oráiste aige mar bhéal.
6. Céard atá aige mar shrón? Cairéad atá aige mar shrón.
7. Inis dúinn faoin scaif atá ar an bhfear sneachta. Tá scaif ghorm timpeall ar a mhuinéal.
8. Cé mhéad cnaipe atá ar an bhfear sneachta? Tá ceithre cnaipe ar an bhfear sneachta.
9. Céard atá aige mar chnaipí? Clocha atá aige mar chnaipí.
10. Cé mhéad lámh atá ag an bhfear sneachta? Lámh amháin atá ag an bhfear sneachta.
11. Céard atá ag an bhfear sneachta mar lámh? Géag atá aige mar lámh.
12. Céard atá ar an talamh in aice leis an bhfear sneachta? Tá liathróidí shneachta ar an talamh in aice leis.
13. Cé mhéad liathróid shneachta atá ar an talamh? Tá ceithre liathróid shneachta ar an talamh.
14. Cé mhéad duine atá sa phictiúr? Tá beirt sa phictiúr.
15. Céard atá ar siúl ag an mbuachaill? Tá an buachaill ag caitheamh liathróid shneachta.
16. Conas atá an buachaill gléasta? Tá miotóga ar an mbuachaill, hata olla ar a cheann, agus scaif ghorm timpeall ar a mhuinéal. Chomh maith leis sin, tá seaicéad, briste fada donn agus buataisí a gcaitheamh aige.
17. An dóigh leat go bhfuil an buachaill fuar nó an bhfuil sé go deas teolaí? Cén fáth a ndeir tú é sin? Ní dóigh liom go bhfuil sé fuar mar tá a lán éadaí teo air.
18. An dóigh leat go bhfuil an cáilín go deas teolaí? Cén fáth a ndeir tú é sin? Is dóigh liom nach bhfuil sí go deas teolaí mar níl rud ar bith ar a cheann agus seaicéad gearr atá uirthi.
19. Conas atá an cáilín gléasta? Tá bróga reatha uirthi, brístí fada glas, barr éadaigh agus seaicéad gearr.
20. Déan cur síos ar an gcrann. Tá an crann lom agus sneachta ina luí ar a ghéaga.
21. Céard atá ar an loch? Tá leac oighir ar an loch.
22. An rachfá amach ar an loch sin? Cén fath? Ní rachainn amach ar an loch mar bheadh sé dainséarach-tá an leac oighir ar an loch scoilte (split).
23. Taispeáin dom an sconsa (fence) sa chúlra. Sin é an sconsa.
24. Cén dath atá ar an spéir? Tá an spéir liath.

Pictiúr a 8 Cois Farraiqe

Tá na páistí cois farraiqe. Tá an ghrian ag taitneamh go hard sa spéir. Tá an spéir gorm ach tá cúpla scamall bán le feiceáil.

Tá an buachaill agus an cailín tar éis caisleán gainimh mór millteach a dhéanamh. Tá sliogáin ar an gcaisleán gainimh. Tá fuinneoga sa chaisleán agus tá doras á dhéanamh ag an gcailín lena méar. Ar bharr an chaisleáin, tá bratach bheag dhearg. Feicim bláth buí agus bán ar an mbratach. Timpeall an chaisleáin, tá móta uisce. Tá an cailín ar a glúine ar an trá. Culaith shnáma ghorm atá uirthi. In aice léi, tá buachaill ina sheasamh. Bríste snámha gorm atá air agus tá spád bheag dhearg ina lámh dheas aige. Tá sé ag féachaint ar an gcaisleán gainimh. Ina luí ar an trá, tá buicéad dearg.

Tá fear ag lapadáil san uisce. Níl bróga ná stocaí air agus tá a bhríste craptha suas go dtí a ghlúine aige. Tá t-léine ghlas air agus hata gréine ar a cheann aige. Tá gloiní air freisin.

Tá na fharraige ina clár. Ag snámh san fharraige, tá duine éigin. In aice leis an trá, tá aillte agus ina sheasamh ar charraig tá teach solais dearg agus bán. Níl an teach solais ar lasadh. Ag bun na spéire tá long.

1. Cá bhfuil na páistí? Tá na páistí cois farraige.
2. Cén sórt aimsire atá ann? Tá an ghrian ag taitneamh go hard sa spéir.
3. Cé mhéad scamall atá sa spéir? Tá cúpla scamall bán le feiceáil.
4. Céard atá déanta ag na páistí? Tá caisleán gainimh déanta ag na páistí.
5. Céard atá ar an gcaisleán gainimh? Tá sliogáin ar an gcaisleán gainimh.
6. Céard atá á dhéanamh ag an gcailín? Tá doras á dhéanamh ag an gcailín.
7. Céard atá ar bharr an chaisleáin? Tá bratach bheag dhearg ar bharr an chaisleáin.
8. Céard atá timpeall an chaisleáin ghainimh? Tá móta uisce timpeall an chaisleáin ghainimh.
9. Conas atá an cailín gléasta? Tá culaith shnáma ghorm ar an gcailín.
10. An bhfuil an buachaill ar a ghlúine? Tá an buachaill ina sheasamh.
11. Céard atá á chaitheamh ag an mbuachaill? Tá bríste snámha gorm air.
12. Céard air a bhfuil an buachaill ag féachaint? Tá sé ag féachaint ar an gcaisleán gainimh.
13. Céard atá ina luí ar an trá in aice leis an gcaisleán gainimh? Tá buicéad dearg ina luí in aice leis an gcaisleán.
14. Céard atá ar siúl ag an bhfear? Tá an fear ag lapadáil san uisce.
15. Céard atá déanta aige lena bhríste? Tá a bhríste craptha suas go dtí a ghlúine aige.
16. Céard eile atá á chaitheamh aige? Tá t-léine ghlas air.
17. Cén fáth a bhfuil gloiní gréine air? Tá gloiní gréine air mar tá an ghrian ag taitneamh.
18. An bhfuil an fharraige garbh? Conas atá an fharraige? Tá an fharraige ciúin agus tá sí ina clár.
19. Cá bhfuil an teach solais ina sheasamh? Tá an teach solais ina sheasamh ar charraig.
20. Cén fáth nach bhfuil an teach solais ar lasadh? Níl sé ar lasadh mar níl sé dorcha.

21. Céard atá ag bun na spéire? Tá long (ship) ag bun na spéire.

Pictiúr a 9. Seomra Suite

Feicim seomra suite. Tá bean, fear agus déagóir ann.

Tá an bhean ina suí i gcathaoir uilleach ag féachaint ar an teilifís. Tá an cianrialtán ina lámh dheas aici. Tá sciorta donn uirthi, riteoga donna agus slipéir dhonna. Dath gorm atá ar a geansaí. Clár cócaireachta atá ar an teilifís. Tá an nuachtán á léamh ag an bhfear. Tá slipéir air, briste fada liath agus léine ghorm. Tá a chuid spéaclaí thíos ar bharr a shróin aige. Tá a shúile dúnta ag an déagóir agus tá sé ag éisteacht lena *i pod*. Bróga reatha atá air, briste fada donn agus t-léine ghlas.

Tá tine mhór ar lasadh. Tá dhá lampa ar lasadh os cionn an mhatail. Idir an dá lampa, tá pictiúr. San iomlán, tá ceithre phictiúr ar na ballaí. Ina luí ar an mata, os comhair na tine, tá madra. Tá an madra ina chodladh go sámh. Tá cluiche fichille leagtha amach ar an mbord caife. Pearóid ildaite atá sa chás.

1. Cén seomra a fheiceann tú? Feicim seomra suite.
2. Cé atá sa seomra suite? Tá bean, fear agus déagóir ann.
3. Cá bhfuil an bhean ina suí? Tá an bhean ina suí i gcathaoir uilleach.
4. Céard atá ina lámh aici? Tá an cianrialtán ina lámh aici.
5. Cén lámh ina bhfuil an cianrialtán? Tá an cianrialtán ina lámh dheas aici.
6. Conas atá an bhean gléasta? Tá sciorta donn, geansaí ghorm, riteoga donna agus slipéir dhonna uirthi.
7. Céard atá ar an teilifís? Clár cócaireachta atá ar an teilifís.
8. An bhfuil an fear ag feachaint ar an teilifís? Níl sé ag féachaint ar an teilifís.
9. Céard atá ar siúl ag an bhfear? Tá sé ag léamh an nuachtáin.
10. Céard atá a chaitheamh aige? Tá slipéir, briste fada liath agus léine ghorm air.
11. Tá a shúile dúnta ag an déagóir. An dóigh leat go bhfuil sé ina chodladh? Níl sé ina chodladh. / Ceapaim nach bhfuil sé ina chodladh.
12. Céard atá ar siúl ag an déagóir? Tá sé ag éisteacht lena *i pod*.
13. Conas atá sé gléasta? Tá bróga reatha, briste fada donn agus t-léine ghlas air.
14. An bhfuil an seomra suite fuar, meas tú? Cén fath a ndeir tú é sin? Ceapaim nach bhfuil an seomra suite fuar mar tá tine mhór ar lasadh.
15. Céard atá idir na lampaí? Tá pictiúr idir an dá lampa.
16. San iomlán, cé mhéad pictiúr atá ar na ballaí? Tá ceithre phictiúr ar na ballaí.
17. Inis dom faoin mhadra. Tá an madra ina luí ar an mata. Tá sé ina chodladh go sámh.

18. Céard atá leagtha amach ar an mbord caifé? Tá cluiche fichille leagtha amach ar an mbord caifé.

19. Tá éan sa seomra suite, nach bhfuil? Cén sórt éin? Déan cur síos air. (Describe it).

Is pearóid ildaite é.

20. An bhfuil aon seans ann go rachaidh an phearóid amach an fhuinneog?

Níl aon seans ann go dtarlóidh sé sin mar tá sé sa chás.

Pictiúr a 10 An Aimsir

Tá Réamhaisnéis na hAimsire ar siúl ar an teilifís. Tá an Réamhaisnéis á cur i láthair ag bean. Tá seaicéad bándearg agus blús bán uirthi. Tá gruaig fhada chatach dhonn uirthi. Tá sí ag síneadh a láimhe i dtreo léarscáil na hÉireann. Ar an léarscáil, tá siombailí de na cinéalacha éagsúla aimsire a bheidh ar fud na tíre amárach.

Beidh sé ag cur báistí in iarthar na hÉireann. San oirthear beidh sé scamallach agus beidh tréimhsí geala gréine ann. Gaofar a bheidh sé sa deisceart. Anian aneas a bheidh an ghaoth ag séideadh. Sa tuaisceart, beidh sneachta ann.

1. Céard atá ar siúl ar an teilifís? Tá Réamhaisnéis na hAimsire ar siúl ar an teilifís.
2. Cé atá ag cur na réamhaisnéise ar siúl? Tá bean ag cur na réamhaisnéise ar siúl.
3. Conas atá sí gléasta? Tá seaicéad bándearg agus blús bán uirthi.
4. Cén dath atá ar a seaicéad? Tá an seaicéad bándearg.
5. Cén dath atá ar a blús? Tá blús bán uirthi.
6. Cén sórt gruaige atá uirthi? Tá gruaig fhada chatach dhonn uirthi.
7. Tá sí ag síneadh a láimhe i dtreo rud éigin. Céard é an rud sin? Tá sí ag síneadh a láimhe i dtreo léarscáil na hÉireann.
8. An bhfeiceann tú léarscáil Shasana? Ní fheicim léarscáil Shasana.
9. Cén léarscáil a fheiceann tú? Feicim léarscáil na hÉireann.
10. Cén sórt siombailí atá ar léarscáil na hÉireann? Tá siombailí de na cinéalacha éagsúla aimsire a bheidh ar fud na tíre amárach.
11. Cén sórt aimsire a bheidh in iarthar na hÉireann? Beidh sé ag cur báistí in iarthar na hÉireann.
12. Cén sórt aimsire a bheidh in oirthear na hÉireann? San oirthear, beidh sé scamallach.
13. Cén sórt aimsire a bheidh i ndeisceart na hÉireann? Beidh sé gaofar sa deisceart.
14. Cén sórt aimsire a bheidh i dtuaisceart na hÉireann? Beidh sé ag cur sneachta sa tuaisceart.
15. Cá mbeidh sé ag cur báistí? Beidh sé ag cur báistí san iarthar.
16. Cá mbeidh tréimhsí geala gréine? Beidh tréimhsí geala gréine san oirthear.

17. Cá mbeidh sé gaofar? Beidh sé gaofar sa deisceart.
18. Cá mbeidh se ag cur sneachta? Beidh sé ag cur sneachta sa tuaisceart.
19. Cén treo as a mbeidh an ghaoth ag séideadh i ndeisceart na tíre? Beidh an ghaoth ag séideadh aniar aneas i ndeisceart na tíre.

Pictiúr a 11 Amuigh le Cairde

Feicim daoine i dteach tabhairne. Cúigear ar fad atá ann-beirt fhear agus triúr ban.

Tá fear amháin ag seinm ar an ngiotár. Tá a shúile dúnta aige. Tá briste air agus léine bhánbhuí. Tá croiméal air agus tá caipín ar a cheann aige. Tá leathphionta de leann dubh os a chomhair ar an mbord.

Tá fear eile ag ól uisce beatha. Tá sé ag seinm ar an bhfeadóg mhór. Tá sé maol ach tá féasóg air. Tá sé ina shuí ar stól. Briste fada dubh atá air agus léine bhánghorm.

Tá an bhean sa lár ag seinm ar an bhfidil. Tá sí gléasta i nglas ó bhun go barr. Tá riteoga glasa, gúna glas agus barr éadaigh glas uirthi. Tá gruaig fhada chatach uirthi agus fáinní cluaise móra. Tá gloine cóla os a comhair. In aice léi, tá bean eile ag ól gloine fíona. Tá gruaig rua uirthi, barr éadaigh gorm, sciorta bándearg le bláthanna air, riteoga gorma le spotaí agus bróga donna.

Tá an tríú bean ag canadh in ard a gutha. Tá a ceann caite siar aici agus a lámh chlé in airde. Gruaig ghearr dhorcha atá uirthi. Tá scaif oráiste timpeall ar a muinéal agus tá gúna fada donn uirthi. Tá gloine uisce os a comhair.

Níl aon duine taobh thiar den chuntar. Tá a lán buidéal ar na seilfeanna. Trí phictiúr ar fad atá ar na ballaí. I lár an bhoird os comhair na ndaoine, tá mála criospaí oscailte. Ar an mbord, freisin, feicim eochracha gluaisteáin. Níl aon duine ag caitheamh tobac sa teach tábhairne. Níl cead acu.

1. Cén áit a bhfuil na daoine atá sa phictiúr? Tá na daoine sa teach tabhairne.
2. Cé mhéad duine atá sa phictiúr? Cúigear ar fad atá sa phictiúr.
3. Cé mhéad fear atá sa phictiúr? Tá beirt fhear sa phictiúr.
4. Cé mhéad bean atá sa phictiúr? Tá triúr ban sa phictiúr.
5. Ainmnigh na huirlísí ceoil atá le feiceáil. Feicim an giotár, an fheadóg mhór, agus an fhidil.
6. Conas atá an fear leis an ngiotár gléasta? Tá briste glas air agus léine bhánbhuí.
7. Cén dath atá ar a bhríste? Tá dath glas ar a bhríste.
8. Céard atá ar a cheann? Tá caipín ar a cheann.
9. An bhfuil feasóg air? Céard atá air? Níl féasóg air. Tá croiméal air.
10. Taispeáin dom an fear maol (bald). Céard atá ar a aghaidh? Tá féasóg ar a aghaidh.
11. Cén seodra (jewellery) atá á chaitheamh ag an mbean leis an bhfidil? Tá fáinní cluaise móra a chaitheamh aici.

12. Taispeáin dom an bhean leis an ngloine fiona.
13. Déan cuir síos ar a sciorta. Tá sciorta bándearg le bláthanna uirthi.
14. Déan cur síos ar an mbean atá ag canadh. Gruaig ghearr dhorchá atá uirthi. Tá scaif oraiste timpeall ar a muinéal agus tá gúna fada donn uirthi.
15. Cén sórt deochanna atá ar an mbord? Tá leathphionta de leann dubh (stout), uisce beatha (whiskey), gloine cóla, gloine fiona (wine), agus gloine uisce ar an mbord.
16. Céard atá i lár an bhoird? Tá mála criospaí oscailte i lár an bhoird.
17. Céard atá ar na seilfeanna taobh thiar den chuntar? Tá a lán buidéal ar na seilfeanna.
18. Cé mhéad pictiúr atá ar an mballa? Trí phictiúr ar fad atá atá ar na ballaí.
19. An bhfuil aon duine ag caitheamh tobac? Cén fáth? Níl aon duine ag caitheamh tobac mar níl cead acu.
20. Conas go bhfuil a fhios agat nach bhfuil cead ag aon duine tobac a chaitheamh? Feicim póstaer ag taispeáint go bhfuil cosc ar tobac sa teach tabhairne.
21. Cén duine den chúigear a bheidh ag tiomáint abhaile, dar leat? Cén fáth a ndeir tú é sin?
Beidh an bhean atá ag canadh ag tiomáint abhaile mar tá gloine uisce agus eochracha gluaisteáin ar an mbord os a comhair amach.

Pictiúr a 12 Siopa

Feicim siopa poitigéara. Tá custaiméir lasmuigh den chuntar agus tá oideas dochtúra (prescription) á thabhairt aige don phoitigéir (chemist). Is léir go bhfuil sé an-tinn. Tá ciarsúr (handkerchief) ina lámh dheas aige agus é in aghaidh a bhéil. Tá cóta gorm air, scaif timpeall ar a mhuinéal agus tá lámhainní air, freisin.

Tá an poitigéir taobh thiar den chuntar. Tá cóta bán uirthi. Tá an t-oideas á thógáil aici ina lámh dheas. Gheobhaidh sí an t-oideas i gceann cúpla nóiméad.

Tá snas béil (lipstick) ar an gcuntar. Taobh thiar den phoitigéir, tá ríomhaire. Ar na seilfeanna, tá buidéal leighis (medicine), boscaí taibléad, scuaba fiacla, scuaba gruaige, béaldath agus smideadh (make-up) eile.

1. Céard a fheiceann tú sa phictiúr seo? Feicim siopa poitigéara sa phictiúr seo.
2. Cén sórt siopa atá anseo? Siopa poitigéara atá ann.
3. Cé atá taobh thiar den chuntar? Tá an poitigéir taobh thiar den chuntar.
4. Conas atá an poitigéir gléasta? Tá sí gléasta i gcóta bán agus tá geansaí gorm uirthi.
5. Cá bhfuil an custaiméir ina sheasamh? Tá an custaiméir ina sheasamh lasmuigh den chuntar.
6. Cén fhianaise atá sa phictiúr go bhfuil an custaiméir tinn? Tá ciarsúr ina lámh aige agus é in aghaidh a bhéil.
7. Cén lámh ina bhfuil an ciarsúr ag an gcustaiméir? Tá an ciarsúr ina lámh dheas aige.

8. Conas atá an custaiméir gléasta? Tá cóta gorm air, scaif timpeall a mhuinéal agus tá lámhainní air freisin.
9. Céard atá a thabhairt ag an gcustaiméir don phoitigéir? Tá an custaiméir ag tabhairt oideas dochtúra don phoitigéir.
10. Cén lámh ina bhfuil an t-oideas ag an gcustaiméir? Tá an t-oideas ina lámh chlé ag an gcustaiméir.
11. Cén lámh ina bhfuil an t-oideas ag an bpoitigéir? Tá an t-oideas ina lámh dheas ag an bpoitigéir.
12. Céard a dhéanfaidh an poitigéir anois tar éis di an t-oideas a thógáil? Gheobhaidh sí an t-oideas i gceann cupla nóimead.
13. Céard atá ar an gcuntar? Tá snas béil ar an gcuntar.
14. Cá bhfuil an ríomhaire? Tá an ríomhaire taobh thiar den phoitigéir.
15. Céard atá ar na seilfeanna os cionn an ríomhaire? Tá buidéal leighis agus boscaí táibhléad, ann.
16. Céard eile atá ar na seilfeanna sa siopa? Tá scuaba fiacla, scuaba gruaige, béaldath agus smideadh eile ar na seilfeanna eile.
17. An bhfeiceann tú aon chinéal scuaibe sa phictiúr? Feicim scuaba fiacla agus scuaba gruaige sa phictiúr.
18. Taispeáin dom na scuaba fiacla. Sin iad.
19. An bhfuil na scuaba gruaige ar sheilf níos airde nó ar sheilf níos ísle? Tá na scuaibe gruaige ar sheilf níos ísle.
20. An bhfeiceann tu an smideadh sa phictiúr? Taispeáin dom é. Feicim an smideadh. Sin é.
21. Céard a dhéanfaidh an custaiméir nuair a rachaidh sé abhaile, dar leat? Ceapaim go rachaidh an custaiméir a luí mar tá sé tinn.

Pictiúr a 13 Leabhar.

Feicim leabharlann. Tá leabharlannaí taobh thiar den chuntar agus tá cuma an-chrosta air. Is léir go bhfuil sé an-mhíshásta. Tá leabhar ar oscailt aige agus tá a mhéar ar an dáta laistigh den chlúdach. Tá sé ag féachaint ar an léitheoir lasmuigh den chuntar.

Tá cuma bhuartha ar an léitheoir agus is dó

igh liom go bhfuil brón uirthi. Tá fineáil á hóc aici -cúig euro. Is léir go raibh sí déanach ag teacht ar ais lena leabhar. Tá a lámh chlé ar leabhar eile. Tá sí ag iarraidh an leabhar seo a thógáil amach ar iasacht, déarfainn. Tá gruaig rua ar an léitheoir agus í ceangailte siar le ribíní glasa. Tá mála ar a gualainn aici.

Tá spéaclaí ar an leabharlannaí, léine ghorm agus geansaí liath.

Ar an gcuntar, tá comhartha a deir, ‘Ciúnas.’ Ar an gcuntar, freisin, tá bróisiúr eolais. Ar na seilfeanna taobh thiar den leabharlannaí, tá a lán leabhar ina seasamh go néata.

Tá fuinneog taobh thiar den leabharlannaí, freisin. Ar leac na fuinneoige, tá planda. Lasmuigh den fhuinneog, feicim foirgnimh.

1. Céard a fheiceann tú sa phictiúr? Feicim leabharlann.
2. Cé mhéad duine atá sa phictiúr? Tá beirt sa phictiúr.
3. Cá bhfuil siad? Tá siad sa leabharlann.
4. Cén post atá ag an bhfear? Is leabharlannaí é.
5. Cá bhfuil an leabharlannaí ina sheasamh? Tá an leabharlannaí ina sheasamh taobh thiar den chuntar.
6. Céard atá ina lámha aige? Tá leabhar ina lámha aige.
7. An bhfuil an leabhar oscailte nó dúnta? Tá an leabhar oscailte.
8. Céard air a bhfuil méar an leabharlannaí? Tá a mhéar ar an data laistigh den chlúdach.
9. Cén sórt giúmair atá ar an leabharlannaí? Tá cuma an-chrosta air agus tá sé mí-shásta.
10. Cén fáth a bhfuil cuma chrosta ar an leabharlannaí? Is dócha go raibh an léitheoir déanach ag teacht ar ais leis an leabhar.
11. Céard atá a thabhairt ag an léitheoir don leabharlannaí? Tá an léitheoir ag tabhairt airgead don leabharlannaí.
12. Cé mhéad airgead atá a thabhairt ag an léitheoir don leabharlannaí? Tá cúig euro a thabhairt aici don leabharlannaí.
13. Cén fáth a bhfuil an léitheoir ag tabhairt airgid don leabharlannaí? Tá fineáil a híoc aici mar go raibh sí déanach ag teacht ar ais lena leabhar.
14. Cén sórt giúmair atá ar an léitheoir? Tá cuma bhuartha ar an léitheoir agus is léir go bhfuil brón uirthi.
15. Cá bhfuil lámh chlé an léitheora? Tá lámh chlé an léitheora ar leabhar eile.
16. Céard atá an léitheoir ag iarraidh a dhéanamh leis an leabhar seo? Tá sí ag iarraidh an leabhar seo a thógáil amach ar iasacht.
17. Conas atá an léitheoir gléasta? Tá seaicéad donn agus bríste corcra uirthi.
18. Céard atá ar a gualainn aici? Tá mála ar a gualainn aici.
19. Inis dom faoina cuid gruaige. Tá gruaig rua uirthi agus í ceangailte siar le ribíni glasa.
20. Céard atá ar an gcuntar? Tá comhartha a deir ‘Ciúnas’ agus bróisiúir eolais ar an gcuntar.
21. Cá bhfuil na leabhair eile atá sa phictiúr? Tá na leabhair eile ar na seilfeanna taobh thiar den leabharlannaí.
22. Céard eile a fheiceann tú sa chúlra? Feicim fuinneog agus planda sa phictiúr.
23. Céard atá lasmuigh den fhuinneog? Tá foirgnimh (building) taobh amuigh den fhuinneog.

Feicim bialann. Tá ceathrar sa phictiúr-fear, bean, freastalaí agus príomhchócaire. Tá an fear agus an bhean ina suí ag bord. Is ócáid rómánsúil í.

Tá an biachlár á léamh ag an bhfear agus tá sé ag ordú beile. Tá crobhaing rósanna in aice lena lámh chlé agus in aice leis na rósanna, tá bosca gorm. Déarfainn féin go bhfuil fainne gealltanais sa bhosca beag gorm. Níl rud ar bith sa ghloine os comhair an fhir ach tá buidéal fíona oscailte i lár an bhoird. In aice leis an mbuidéal fíona, tá coinneal ach níl sí ar lasadh.

Tá fíon dearg i ngloine na mná. Tá an bhean ag labhairt ar a fón póca. Nuair a stopfaidh sí ag caint ar an bhfón, nó nuair a bheidh an béile thart, cuirfidh an fear ceiliúr pósta uirthi, déarfainn.

Ina sheasamh in aice leis an mbord, tá an freastálaí. Ina lámh dheas, tá leabhar nótaí agus ina lámh chlé, tá peann. Tá ordú an fhir á scríobh síos aige. Tá naprún bán agus léine bhán air. Tá veist dhubh air agus, caite thar a ghualainn, tá éadach bán.

Sa chúlra taobh thiar den fhreastalaí, feicim an príomhchócaire sa chistin. Tá sé gléasta in éadaí bána agus tá hata príomhchócaire ar a cheann aige.

Ta solas ar lasadh os cionn an bhoird. Ar deis, tá lampa ar lasadh. Os cionn an lampa, tá pictiúr de bhád seoil ar fharraige ghorm. Tá dhá chóta ar crochadh ar an seastán cótaí-ceann amháin acu fada agus an ceann eile gearr. Faoin gcóta gearr, tá scáth báistí.

In aice leis na cótaí, tá planda. Feicim doras amháin a théann go leithreas na bhfear agus ceann eile a théann go dtí leithreas na mban.

1. Céard a fheiceann tu sa phictiúr? Feicim bialann sa phictiúr.
2. Cé mhéad duine atá sa phictiúr? Tá ceathrar sa phictiúr.
3. Cé atá ina suí ag an mbord? Tá fear agus bean ina suí ag an mbord.
4. Cá bhfuil an freastálaí? Tá an freastálaí ina sheasamh in aice leis an mbord.
5. Cé atá sa chistin? Tá an príomhchócaire sa chistin.
6. Céard atá ar siúl ag an bhfear ag an mbord? Tá an fear ag an mbord ag ordú beile.
7. Céard atá á léamh aige? Tá an biachlár á léamh aige.
8. Cén fhianaise atá sa phictiúr gur ócáid rómánsúil í? Tá crobhaing rósanna agus bosca beag gorm ar an mbord.
9. Céard atá in aice le lámh chlé an fhir? Tá crobhaing rósanna agus bosca beag gorm in aice lena lámh chlé.
10. Céard atá sa bhosca beag gorm, an dóigh leat? Is dóigh liom gur fainne atá sa bhosca beag gorm.
11. Céard a dhéanfaidh an fear leis an bhfainne gealltanais tar éis tamaill, an dóigh leat? Is dóigh liom go gcuirfidh sé ceiliúr pósta ar an mbean.
12. Céard atá i lár an bhoird? Tá buidéal fíona i lár an bhoird.
13. Taispeáin dom an choinneal. Sin í an choinneal.
14. Conas atá an freastalaí gléasta? Tá naprun bán agus léine bhán ar an bhfreastalaí.

15. Cá bhfuil an peann aige? Tá an peann ina lámh chlé.
16. Céard atá caite thar ghualainn an fhreastalaí? Tá éadach bán caite thar a ghualainn aige.
17. Céard atá ar siúl ag an mbean? Tá an bhean ag labhairt ar a fón póca.
18. Cé leis a bhfuil sí ag labhairt, meas tú? Ceapaim go bhfuil sí ag labhairt lena cara.
19. Céard atá ar lasadh os cionn an bhoird? Tá solas ar lasadh os cionn an bhoird.
20. Céard atá sa phictiúr os cionn an lampa? Tá pictiúr de bhád seoil ar fharraige ghorm os cionn an lampa.
21. Taispeáin dom an doras ag dul go leithreas na mban. Sin é an doras ag dul go leithreas n amban.
22. Taispeáin dom an doras ag dul go leithreas na bhfear. Sin é an doras ag dul go leithreas an bhfear.

Pictiúr a 16 Ag Ceannach Ticéid

Feicim stáisiún traenach. Tá fear óg ag oifig na dticéid agus tá ticéad traenach á cheannach aige. Tá airgead á thabhairt aige do bhean na dticéad. Tá an ticéad traenach á thabhairt ag an mbean dó. Tá t-léine bhuí agus bríste géine gorm air. Tá a mhála droma ar an urlár in aice leis. Rachaidh an fear óg ar bord na traenach i gceann cúpla nóiméad. Gheobhaidh sé suíochán, cuirfidh sé a mhála droma ar an ráille agus suífidh sé síos.

Tá bean na dticéad ag obair in oifig na dticéad. Tá blús bán uirthi agus carbhat gorm agus dúghorm. Tá sé deich nóiméad chun a cúig ar an gclog ar an mballa in aice léi.

Níl aon duine sa scuaine ach amháin an fear óg. Tá trí chathaoir taobh thiar den fhear ach níl aon duine ina shuí orthu.

Sa chúlra feicim traen ina stad ag an ardán. Tá bean le cás ina lámh dheas aici ag dul ar bord na traenach. Tá barr éadaigh donn, sciorta dubh, riteoga donna agus bróga dubha uirthi. Feicim fear ina shuí ar an traen agus an nuachtán á léamh aige. Níl aon phaisinéirí eile le feiceáil.

1. Céard a fheiceann tú? Feicim stáisiún traenach.
2. Cé atá ag oifig na dticéad? Tá fear óg ag oifig na dticéad.
3. Cá bhfuil bean na dticéad? Tá bean na dticéad ag obair in oifig na dticéad.
4. Conas atá an fear óg gléasta? Tá t-léine bhuí agus bríste géine gorm air.
5. Cén sórt bríste ata air? Tá bríste géine air.
6. Cá bhfuil a mhála droma? Tá a mhála droma ar an urlár in aice leis.
7. Céard atá a cheannach ag an bhfear óg? Tá ticéad traenach a cheannach aige.
8. Céard atá a thabhairt ag an bhfear do bhean na dticéad? Tá airgead á thabhairt aige do bhean na dticéad.

9. Céard atá a thabhairt ag an mbean don fhear? Tá ticéad traenach a thabhairt ag an mbean dó.
10. Cén lámh ina bhfuil an ticéad ag an mbean? Tá an ticéad ina lámh chlé aici.
11. Cén t-am é ar an gclog? Tá sé deich nóiméad chun a cúig ar an gclog.
12. Céard atá taobh thiar den fhear? Tá trí chathaoir taobh thiar den fhear.
13. Céard a fheiceann tú sa chulra? Feicim traein ghlas ag an ardán.
14. An bhfuil an traein ag gluaiseacht nó an bhfuil sí ina stad? Tá an traein ina stad.
15. Cé atá ag dul ar bord na traenach? Tá bean le cás ag dul ar bord na traenach.
16. Conas atá an bhean atá ag dul ar bord na traenach gléasta? Tá barr éadaigh donn, sciorta dubh, riteoga donna agus bróga dubha uirthi.
17. Cén lámh ina bhfuil a cás aici? Tá a cás ina lámh dheas aici.
18. An bhfuil aon phaisinéirí eile le feiceáil? Tá fear ina shuí ar an traein.
19. Céard atá á dhéanamh ag an bhfear ar an traein? Tá nuachtán á léamh aige.

Pictiúr a 17 Sa Ghaeltacht

Feicim daoine sa Ghaeltacht. Tá cúigear sa phictiúr. Tá siad i Halla an Choláiste. Tá damhsa á chleachtadh agus tá drama á chleachtadh. An iarnóin atá ann, déarfainn mar níl mórán daoine sa Halla.

Tá fear agus bean ar an urlár agus iad ag cleachtadh damhsa. Tá siad ag luascadh agus tá greim láimhe acu ar a chéile. Tá t-léine ghorm, bríste agus bróga donna ar an bhfear.

Ina shuí ar chathaoir dhearg in aice leis an mballa, tá múinteoir. Tá micrefón ina lámh dheas aige ach níl sé ag labhairt isteach ann. Tá seinnteoir dlúthdhioscaí ar an urlár in aice leis. Déarfainn go bhfuil ceol Gaelach ag teacht as mar tá an bheirt os comhair an mhúinteora ag rince. Tá geansaí glas, bríste liath agus bróga liatha ar an múinteoir.

Os cionn an mhúinteora ar an mballa, tá dhá chomhartha. Deir ceann amháin ‘Labhair Gaeilge.’ Deir an ceann eile, ‘Beatha Teanga í a labhairt.’

Ar an ardán sa halla, tá fear agus bean ag cleachtadh do dhráma. Tá gúna fada glas ar an mbean. Tá geansaí dubh agus bríste liath ar an bhfear. Tá na cúirtíní ar oscailt.

1. Cá bhfuil na daoine seo go léir sa phictiúr? Tá na daoine seo sa Ghaeltacht.
2. Cén fáth a ndeir tú go bhfuil siad sa Ghaeltacht? Tá siad i Halla an Choláiste.
3. Cé mhéad duine atá sa halla? Tá cúigear sa halla.
4. An bhfuil céilí mór ar siúl, meas tú? Níl céilí mór ar siúl mar níl mórán daoine sa halla.
5. Conas a bhfuil a fhios agat nach bhfuil céilí mór ar siúl? Níl ach cúigear sa halla.
6. Céard atá ar siúl ag an mbeirt ar an urlár? Tá damhsa á chleachtadh ag an mbeirt ar an urlár.

7. Conas atá an fear atá ag damhsa gléasta? Tá t-léine ghorm, bríste glas agus bróga donna ar an bhfear.
8. Céard as a bhfuil an ceol ag teacht, meas tú? Tá an ceol ag teacht ón seinnteoir dlúthdhioscaí.
9. Cá bhfuil an seinnteoir dlúthdhioscaí? Tá an seinnteoir dlúthdhioscaí ar ar an urlár.
10. Cé hé an fear sin in aice leis an seinnteoir dlúthdhiosca? Is múinteoir é an fear sin.
11. Céard atá ina lámh aige? Tá micreafón ina lámh aige.
12. Cén dath atá ar a bhríste? Tá dath liath ar a bhríste.
13. Cá bhfuil an múinteoir ina shuí? Tá an múinteoir ina shuí ar chathaoir dhearg.
14. Céard atá os cionn an mhúinteora ar an mballa? Tá dhá chomhartha os cionn an mhúinteora ar an mballa.
15. Cé air a bhfuil an múinteoir ag féachaint? Tá an múinteoir ag féachaint ar Tá an múinteoir ag féachaint ar an bhfear agus ar an bhean atá ag damhsa.
16. Céard atá ar siúl ag an mbeirt ar an ardán? Tá an bheirt ar an ardán ag cleachtadh do dhráma.
17. Conas atá an bhean ar an ardán gléasta? Tá guna fada glas ar an mbean.
18. Conas atá an fear ar an ardán gléasta? Tá geansaí dubh agus bríste liath ar an bhfear.
19. An bhfuil na cúirtíní ar an ardán oscailte nó dúnta? Tá na cúirtíní oscailte.
20. Cén chuid den lá atá ann, dar leat? Ceapaim gur an iarnóin atá ann mar níl mórán daoine sa halla.
21. Céard a dhéanfaidh na foghlaimeoirí nuair a bheidh an cleachtadh damhsa agus an cleachtadh don dráma thart? Rachaidh na foghlaimeoirí abhaile don tae, is dócha.

Pictiúr a 18 Ar Saoire

Feicim fear agus bean ar saoire in áit éigin thar lear. Déarfainn go bhfuil siad san Iodáil, -sa Róimh, b'fhéidir. Tá bean ina seasamh os comhair scairdeán uisce. Tá guna fada bándearg agus cuaráin dhearga uirthi. Sílim go bhfuil bonn airgid á chaitheamh isteach sa scairdeán uisce aici. Tá guí (wish) á dhéanamh aici ag an am céanna, is dócha. Níl a fhios agam céard atá á lorg aici-saol fada sona, b'fhéidir, lena fear céile ach tugaim faoi deara nach bhfuil fáinne á chaitheamh aici. B'fhéidir nach bhfuil siad pósta ar chor a bith.

Tá griangraf á thógáil ag an bhfear le ceamara digiteach. Tá seisean gléasta in éadaí samhraidh. Tá t-léine bhúí bhláfar á chaitheamh aige, bríste gearr gorm agus hata gréine ar a cheann aige.

At an tsráid in aice leis an gcúpla, tá duine óg ar a ghogaide ag tarraingt pictiúr ar an tsráid. Sa chúlra, tá fear ag díol torthaí. Sa chúlra, freisin, tá foirgnimh arda. Tá an aimsir go hálainn. Tá sé geal agus grianmhar.

1. Céard a fheiceann tú sa phictiúr? Feicim fear agus bean ar saoire in áit éigin thar lear.

2. An bhfuil na daoine sa phictiúr seo in Éirinn, meas tú? Ceapaim go bhfuil siad thar lear.
3. Cén tír ina bhfuil siad, an dóigh leat? Is dóigh liom go bhfuil siad san Iodáil.
4. Cá bhfuil an bhean ina seasamh? Tá an bhean ina seasamh os comhair scairdeán uisce (waterfall).
5. Céard atá á dhéanamh ag an mbean? Ceapaim go bhfuil bonn airgid á chaitheamh isteach sa scairdeán uisce aici.
6. Cén fáth, meas tú, an bhfuil bonn airgid á chaitheamh aici? Is dócha go bhfuil guí (wish) á dhéanamh aici.
7. Céard eile atá á dhéanamh aici ag an am céanna, meas tú? B'fhéidir go bhfuil sí ag guí fá choinne saol fada sona lena fear céile.
8. Céard atá a lorg aici, meas tú? Níl a fhios agam céard atá sí ag lorg, b'fhéidir fáinne pósta?
9. An dóigh leat go bhfuil an bhean agus an fear pósta? Cén fáth a ndeir tú é sin? Ní dóigh liom go bhfuil siad pósta mar níl fáinne a chaitheamh ag an mbean.
10. Céard atá á dhéanamh ag an bhfear os comhair na mná? Tá griangraf á thógáil ag an bhfear.
11. Céard atá ina lámh aige? Tá ceamara digiteach ina lámha aige.
12. Conas atá sé gléasta? Tá sé gléasta in éadaí samhraidh.
13. Céard atá ar a cheann aige? Tá hata gréine ar a cheann aige.
14. Inis dúinn faoin t-léine atá á chaitheamh aige. Tá t-léine bhuí bhláfar á chaitheamh aige.
15. Céard atá á dhéanamh ag an duine óg ar a ghogaide? Tá an duine óg ar a ghogaide ag tarraingt pictiúir ar an tsraid.
16. Céard atá ar siúl ag an bhfear sa chúlra? Tá an fear sa chúlra ag díol torthaí.
17. Céard atá á dhíol ag an bhfear? Tá an fear ag díol torthaí mar sú talún (strawberries), bananaí, oráistí, agus caora finiúna (grapes).
18. Céard eile atá sa chúlra? Feicim foirgnimh arda (tall buildings) sa chúlra freisin.
19. Cén sórt aimsire atá ann? Tá an aimsir go hálainn. Tá sé geal agus grianmhar.
20. Ar mhaith leatsa saoire ansin? Ba mhaith liom saoire san Iodáil, go háirithe sa Róimh mar tá foirgnimh áille ann.
21. An raibh tú féin riamh san Iodáil? Inis dom faoi. Ní raibh mé riamh san Iodáil/ Chaith mé seachtain san Iodáil agus thug mé cuairt ar an Róimh agus ar chathair Venice. Thaitin sé go mór liom. Bhí a lán cuairteoirí (visitors) ann.